AMÁRAĊ

3d

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Déardaoin.
Nuaċtán seaċtainiúil na Gaeltaċta.
Ábar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

Iml. 10. Uiṁ. 16.

Aoine, 23ú Aibreán 1965.

EAGARFOCAL 23-4-1965.

CÓRAS ḂÓTÁLA

TÁ AN TOGHAĊÁN MÓR ṪART le seaċtain aċ go fóill tá cuntas na ḃótaí ag dul ar aġaiḋ. Ceart go leor is an dá Ḋáilċeantar Longfort - Iarṁiḋe agus Áṫa Cliaṫ Ṫoir Ṫuaiḋ inar hiarraḋ aṫ-ċuntas. Is cúis leis an ṁoill aċ mar sin féin ní sásúil an stáid í. Is measa an scéal nuair a cuiṁnítear naċ raiḃ aċ 7 ḃótaí agus 11 ḃótaí idir an T.D. agus an fear ar ṫeip agus gurḃ aṁlaiḋ a ḃí i mórán eile Dáilċeantair gur toġaḋ daoine le tromlaċ 14 i Muiġeo Ṫuaiḋ, 20 sa Miḋe agus roinnt ṁaiṫ eile naċ raiḃ aċ timpeall scór sa duifir.

ÁḂAR IMNÍ go leor ón TAOḂ NÁISIÚNTA de go mbeaḋ uiṁir ċom beag seo inann a ṡocrú cé ḃeaḋ ina T.D. agus cé ḃeaḋ fágṫa. Aċ noċtaíonn imeaċta an aṫ-ċuntas sa dá Ḋáilċeantair. Scéal níos measa fós — go mbíonn uiṁir roinnt céadta ḃótaí a bíonn millte de ḃarr nar ċuir an t-oifigeaċ ceannais an stampa oifigiúil i gceart orṫa. Is olc an rud go gcailleann ḃótóir neaṁċiontaċ a ḃóta mar seo aċ is measa fós é gur léir go raiḃ oiread ḃótaí aṁlaiḋ agus go ḃféadfaí a rá gur buaḋaḋ nó gur cailleaḋ suíoċán le uiṁir níos lú na ḃótaí seo a ḃí millte gan milleán ar na ḃótóirí. Ṫairis sin fós is léir go mbíonn i ngaċ toġaċán uiṁir éigin ḃótaí a cuntaistear go míċeart. Ní d'aon turas a ṫarlaíonn sé seo aċ tré gnáṫ neaṁfoirfeaċt daonna nó dearmad daonna. Ceart a ċoíċe oibríonn sé amaċ de gnáṫ go mbíonn na dearmaid measara coṫrom ar gaċ taoḃ agus is dóċa naċ mór an tionċar a ḃeaḋ aige ar an toraḋ. Aċ ní maiṫ é go mbeaḋ a leiṫid de neaṁ ċinteaċt ann agus go ḃféadfaḋ suíoċán sa Dáil, agus b'éidir Rialtas na tíre a ḃeiṫ ag eascar ó earráidí nó ḃótaí millte.

ṪÁINIG TRIOBLÓID AGUS AĊRANN agus mórán cainte ón éiginteaċt sa dá Ḋáilċeantar seo i gcúrsaí gearr-aimsire. I gcúrsaí fad aimsire tiocfaiḋ toraḋ i ḃfad níos foġanta uaiḋ. Caiṫfiḋ na Pairtiṫe móra teaċt le ċéile agus réitiú laiṫreaċ ar feaḃas a ċur ar an ċóras toġaċánaíoċta don Dáil. Fanaḋ an Ionadaċt Cionṁaire don tSeanaid; tá sé feiliúnaċ go leor ansin. Aċ ċaiṫfear leasú agus feaḃsú a ḋéanaṁ ar an córas ḃótála don pobal sa gcaoi go dtaḃairfear breiṫ cinnte agus naċ mbeiḋ suíoċáin pairliméide ag braṫ ar cúpla scór inaistriṫe nó ar dearmad luċt riarṫa agus luċt cuntais.

TÁ PREAṀ AN RÉITÍ de fáil i dtaraiscint Fine Gael roiṁ an Reifreann ar Ḋáilċeantair aon ṡuíoċán le ḃóta ionaistriṫe. Ag oibriú uaiḋ sin ba ċóir go ḃféadfaḋ na trí Pairtiṫe teaċt ar réitiú a ḃeaḋ cóir agus cinnte ⁊ coṫrom. Is lán miṫid a leiṫid de réitiú nó beiḋ dísbeagú a ḋéanaṁ ar ar bPairliméid féin againn leis an ċóras neaṁ-ċruinn, neaṁ-ċoṫrom atá againn. Taréis teaċt ar réiteaċ, fiú idir Fianna Fáil agus Fine Gael muna n-aontaíonn luċt oibre leis. B'furasta a ċur mar Reifreann le linn toġaḋ na gComairlí Condae san Foṁar nó toġaḋ an Uaċtaráin an bliain seo ċugainn. Cuirfiḋ an pobal deire leis an aṁras ansin.

COṀḂÁIḊ GAĊ PÁIRTÍ DON GAELTAĊT

Aċ níl aon moltaí ċun a feiḋmniú sa Ṗáipéar Ḃán

TUAIRIM IRIS PRODASDÚNAĊ FAOI

IS CÚIS DÍOMÁ GÉAR DOIṀIN, AN MÉID ATÁ LE RÁ AG AN RIALTAS INSAN ĊAIBIDÉAL FÁ'N ĠAELTAĊT DEN ṖÁIPÉAR BÁN—SIN É ADEIRTEAR IN "FOCUS", IRISLEAḂAR NEAṀSPLEAĊ PROTASTÚNAĊ DO ṀÍ ṀÁRTA SEO CAITE.

Taréis dóiḃ a insint naċ ḃfuil an léarscail den Ġaeltaċt atá ag deireaḋ an Ṗáipéir Ḃáin, fíor i ndáiríriḃ mar go ḃfuil ceantair ṁóra istiġ ann naċ ḃfuil an Ġaeilge ina gná ṫeanga iontu, deirtear gurb iad na moltaí fá'n Ġaeltaċt an ċuid a ba laige de ṁoltaí an Ċoimisiúin agus naċ ndearna an Rialtas aċ a ċur in iúl céard a ḃí dá ḋéanaṁ, agus naċ raiḃ úsáid dá ḃaint as na h-aiseanna a ṫug siad.

Níl a ḋaṫ ann, adeirtear, a ḃéarfaiḋ dóċas, gur féidir deireaḋ a ċur leis an imirce, aċ insint do na daoine na h-aiseanna a dtig leo úsáid a ḃaint astu. Níl dóċas ar biṫ go dtarraingeófar arais slua mór den dream a d'fág an Ġaeltaċt le roinnt blianta anuas.

Ḃeaḋ coṁáiḋ ag na páirtiṫe uilig le seans a ṫaḃairt do ṗobal na Gaeltaċta, maireaċtáil agus oibriú ina n-áit féin. agus a dteanga féin a úsáid, adeirtear. Agus mar sin, níor ġá don Rialtas aon eagla a ḃeiṫ orṫa ag taḃairt faoi an ċuid sin den ḟaiḋb.

Is mó i ḃfad, go ḃfuil na smaointe, pé méid atá ann dóiḃ anseo easpaíoċ ar fad. Ceistíotar cé'n fáṫ naċ gcaiṫfí £¼ milliún ar dóṫain uisce a ṫaḃairt ón Ċoiriḃ go dtí an Ċeaṫrú Rua, mar ṡompla, lena ḋéanaṁ feiliúnaċ do tionsclaíoċt, má táṫar ábálta £8m. a ċaiṫeaṁ in Ḃallymun. Ní leor, adeirtear, an ráiteas generálta a tugtar insan Páipéar faoi General Manpower Policy. Caiṫfear buntáistí speisialta a ṫaḃairt don Ġaeltaċt nó raċaiḋ an Ġaeltaċt in éag. Seo mar a ċuirtear síos ar ṗáipéar Gaeltaċta:

"The Commission decided that a weekly Newspaper in Irish to cater specially for the Gaeltacht is a basic necessity, requiring at least at the initial stages, considerable backing by the State."

"'This recommendation is accepted in principal', we are told. What does this mean. The truth is, that the Commission's recommendation was in itself, inadequate, what should have been sought was a good daily paper in Irish. That would take some years to arrive at, as anyone with a knowledge of journalism must realise, but, until that comes, an integral part of the daily experience of any literate people, is in Ireland, left to 'big brother Béarla.' To have to turn automatically to a newspaper in English, for news, comment, the radio or T.V. programmes, sports results, entertainment and so on, leaves Irish speakers at a crippling disadvantage every day of the week, morally and practically."

Tá áḃar maċnaiṁ ansin gan aṁras, go speisialta do na Stát-Seirḃisí agus do na poiliticeoirí i mḂaile Áṫa Cliaṫ sa méid sin.

BÉARLÓIR I NGLEANN NA MADA

Ḃí Louis Lentin, léiriṫeoir de ċuid Telefís Éireann, mar moltóir ag Féile Drámaíoċta Ġleann na Mada, agus ḃí aċrann cainte idir é féin agus Uaċtarán na Féile, an tAṫair Scahill. Ṁeas an tAṫair Scahill naċ dtug an tUasal Lentin coṫrom na féinne de ġrúpa as Béal Áṫa na Slua. Loċtaiġ an tUasal Lentin na h-aiseanna a ḃí ar fáil i halla Ġleann na Mada. Agus ṁeas an Sagart go raiḃ siad ċom maiṫ agus a ḃí le fáil in halla tuaiṫe ar biṫ ar fud na tíre.

LINÉAR I NGAILLIṀ

Dé Saṫairn dein an liner, Maasdam, de Líne Holland America, an ċéad scairt den tséasúr i nGailliṁ, agus ċuir sí timpeall 70 paisnéirí ó Nua Eabraċ i dtír. Tógaḋ roinnt eile paisnéirí ar bórd le dul go Southampton, agus portanna ar an Ṁór-roinn. An tender: Galway Bay a rinne freastal ar an liner. Ḃí an tender i Luimneaċ fá ċoinne coṫaḃáil le cúpla mí, agus ṫáinig sí tar n-ais go Gailliṁ Dé Luain. Baineaḋ úsáid den ċéad uair as an ionad páisnéirí nua.

ḂEARTAS I gCOINNIḂ ḂÓTÁLA I RAṪ CAIRN

AN RAIḂ ÉIFEAĊT LEIS NÓ TIONĊAR AIGE?

ḂÍ CRUINNIÚ I RAṪCAIRN ROIṀ AN TOĠĊÁIN AGUS TARÉIS MÓRÁN CAINTE, Ó ḊAOINE AS BAILE ÁṪA CLIAṪ, SOCRAÍOḊ GO NDÉANFAÍ ÉILEAṀ AR NA PÁIRTIṪE POILITICIÚLA SAN TOĠĊÁN:

1, Raṫcairn a ligint isteaċ san Ġaeltaċt oifigiúil, sa gcaoi go mbeaḋ buntáistí agus deontaisí uilig na Gaeltaċta le fáil acu.

2, Fairsingiú a ḋéanaṁ ar na feilmeaċa sa gcaoi go mbeaḋ dóṫain talaiṁ acu le maireaċtáil mar ḟeilméaraí.

Rinneaḋ mórán cainte ag an ċruinniú céanna, agus glacaḋ d'aon ġuṫ le rún. Sé an rún.

"Mar aonṁuintir, oibriú i gcoṁar san olltoġċán seo ar son ár leas féin. Tá fúinn, mar aonṁuintir, gan ár gcuid ḃótanna a ċaiṫeaṁ ċor ar biṫ so toġċán seo, sin nó gan iad a ṫaḃairt d'aon duine nó d'aon ṗáirtí naċ dtaḃarfaiḋ geallaḋ i scríḃinn dúinn roiṁré, go ndéanfaiḋ sé an páirtí a éileaṁ, agus seasaṁ go daingean ar son an dá rud seo. atá ag dul dúinn do réir ċuile ċeart."

Cuireaḋ an ráiteas sin amaċ ċuig príoṁ-oifigí na bPáirtiṫe Poiliticiúla. Dúraḋ gur cuireaḋ é ċuig na h-iarratóirí dála, aċ níor cuireaḋ ċuig gaċ duine acu é ar aon ċuma.

Iniġ beagnaċ iomlán ḃótóirí Raṫcairn an ráiteas. Maoiḋeaḋ roiṁ an toġċán go raiḃ an pobal go daingean taoḃ ṫiar den ḃeartas seo, agus rinneaḋ mórán cainte faoi fiú i bpáipéirí Béarla Ḃaile Áṫa Cliaṫ, mar an Times.

Ḃí cruinniú eile i nDoṁnaċ Pádraig, agus deirtear gur ġlac furṁór ḃótóirí Ḋoṁnaċ Pádraic leis an ráiteas céanna. Agus ḃí bollscaireaċt mór dá ḋéanaṁ faoi an ḃeartas nua seo i gcúrsaí na Gaeltaċta. Ċom fada agus a ṫiocfaḋ le tuairisceoir an ṗáipéir seo a ḟáil amaċ, níor ċoṁlíon aon ṗáirtí na geallúintí seo nó níor ṫug iarratóir geallúint iomlán faoi na pointí atá iontu.

Mar sin féin. nuair a ṫáinig lá an toġċáin, ḃí an gnáṫ ḃótáil ar siúl i nDoṁnaċ Pádraig agus i Raṫcairn, agus ní raiḃ an fé'n-gcéadṁú a ḃótáil mórán níos ísle ná ḃíoḋ amanna eile.

Ní maiṫ an rud feaċtas den ċineál seo a ċur ar siúl muna ḃfuil cinnteaċt ann go mbeiḋ toraḋ leis, agus toraḋ a ḃeiḋ éifeaċtaċ.

AN RINN

DRÁMAÍ NUA AR FAD AG AN ḞÉILE

BEIḊ AN FÉILE DRÁMAÍOĊTA AR siúl anseo an tseaċtain seo ċugainn, seaċtain na Cásca. Tá uiṁir ṁór drámaí istiġ ar an ċoiṁlint, do na ceiṫre coirn ṁóra agus na trí sciaṫanna atá dá mbronnaḋ, ċoṁ maiṫ le mórán trófaiṫe do na léiriṫeoirí agus aisteoirí is fearr. Tosnóiḋ an ḟéile insan halla mór na Coláiste ar an Diardaoin, an 22ú lá ar ċumas na n-aisteoirí ullṁú d'Aibreán, agus críoċnóiḋ sí ar an Doṁnaċ. an 25ú Aibreán. Tá gaċ socrú déanta ag an ċoiste don ċuid is fearr den ḃfeisteas agus suíoċáin compórdaċa insan halla, agus is féidir a ḃeiṫ cinnte go mbeiḋ oíċe ṫar ḃárr gaċ oíċe ag an luċt éisteaċta.

Sé Tomás Mac Anna, ó Aṁarclann na Mainistreaċ, an moltóir. Tá ardán ana ḃreá insan gColáiste, maille le seomraí cóiriṫe nua, ar ċúl, a ċuireann go tapaí. agus teaċt ar an ardán go rialta, rud a ċuireas le pléisiúr an luċt éisteaċta, ins na drámaí. Tá córas teasa, ċoṁ maiṫ le caṫaoireaċa nua compórdaċa insan halla, agus daltóga nua do na fuinneóga. Ċuir an coiste scéala ċuig na foirne a ḃí ag cur isteaċ ar na comórtaisí ag insint dóiḃ na drámaí a léiríoḋ anuraiḋ, agus ag iarraiḋ orṫa gan na drámaí sin a ċur isteaċ arís. Rud a ḟágfaiḋ go mbeiḋ ċeiṫre oíċe de ḋrámaí úr nua ag pobal éisteaċta na Rinne agus na cuairteoirí a ṫágann ag éisteaċt agus ag féaċaint orṫa. Is gnáċ go mbíonn an halla lán do ċuile ṡeisiún den féile, rud a ḟágann gur Aṁarclann ceart é seo. inár féidir leis na h-aisteoirí an ċuid is fearr den aisteoireaċt a ṫaispeáint, nuair atá pobal mór éisteaċta ag féaċaint orṫa. Tá mórán cuairteoirí ag teaċt ċun na Rinne don ḟéile, agus is cinnte go mbeiḋ sár ḋeireaḋ seaċtaine ann tar éis na Cásca.

ḂÍ AN ḂÓTÁIL CIÚIN SUAIṀNEAĊ go leor anso aċ sin as uile ḃótáil suas le trí ceaṫrú de na toġṫóirí. Ní raiḃ aṫrú ar biṫ idir na Pairtiṫe aċ ċaill iar T.D. Fianna Fáil a ṡuíoċán do fear nua dá ṗáirtí féin. Is trua gan tUasal Orṁuṁan a ḃeiṫ sa Dáil nó ba Gaeilgeoir é.

CÉ ḂEIḊ NA AIRE COSANTA in ionad Gearóid Mac Partalain? Ceist an taḃaċtaċ í sin d'iascairí na tíre mar is ar an Aire nua a ḃeiḋ sé le socrú an ndéanfar cosaint ar farraigí iascaireaċta na hÉireann nó ná déanfar.